Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

## Scéim Mharcála

## Oideachas Reiligiúnach

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe**

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhiniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh. Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim dheiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

**Scéimeanna Marcála sa Todhchaí**

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhcheartaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

**Réamhrá Ginearálta** Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais in 2003. Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith. In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt. Níl na tuairiscí, na sainmhínithe ná na pointí a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach.

## AONAD A hAON

Ní mór d'iarrthóirí cuid *a) agus cuid b)* a fhreagairt as **ceann amháin** den dá cheist seo a leanas.

**ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA**

**Ceist 1. Freagair (a) nó (b).**

**A 1 a)**

***Samhlaigh go bhfuil deis agat labhairt le hArastatal faoi thionchar a chuid smaointe ar chúrsaí fealsúnachta agus ar an smaointeoireacht eolaíoch.***

**Tabhair breac-chuntas ar dhá phointe a dhéanfá faoin méid a chuir smaointe Arastatail le cúrsaí fealsúnachta agus le smaointeoireacht eolaíoch. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfaidh freagra den scoth eolas ar smaointeoireacht fhealsúnachta sa Ghréig ársa trí fhaisnéis chruinn a leagan amach ar dhá bhealach a raibh tionchar ag smaointe Arastatail ar smaointeoireacht fhealsúnachta agus eolaíoch e.g.

- D'easaontaigh Arastatal le maíomh Phlatón gurb iad na huilígh, na foirmeacha/smaointe atá ann; i gcás Arastatail is í an tsubstaint aonair atá ann i ndáiríre; d'aithin sé go dtosaíonn eolas leis na céadfaí ach ansin bogann sé chuig tuiscint níos leithne ar a chuspóir, a acmhainneacht ina iomláine; chuidigh a smaoineamh ar phríomhábhar agus foirm shubstaintiúil le smaointeoireacht eolaíoch a fhorbairt agus é ag réiteach na slí do smaointeoireacht loighciúil bunaithe ar thurgnamh agus ar chúis etc.
- Chuir Arastatal an chéad anailís chórasach ar nádúr na cúisíochta ar fáil; tá an eolaíocht tiomanta do chúis eispéireas a mhíniú tríd an bpróiseas chun cúis(eanna) na n-eispéireas sin a nochtadh; D'aithin Arastatal go raibh intuigtheacht na cruinne agus mar sin féidearthacht na fisice, ag brath ar chéad chúis a admháil etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**A 1 b)**

**Mínigh conas a léiríodh ceisteanna faoi bhrí na beatha in dhá mhiotas a bhaineann le daoine a mhair sa chianaois. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfaidh freagra den scoth tuiscint ar theanga shiombalach trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ar féidir féachaint ar cheisteanna faoi bhrí na beatha in dhá mhiotas a bhaineann le daoine a bhí ina gcónaí i bhfad siar e.g.

- Eipic Ghiolgaimis — cén fáth a bhfuil an bás ina chuid dhosheachanta den saol? Cuireann Giolgaimis roimhe bláth a fháil a thabharfaidh beatha shíoraí dó agus díreach mar atá sé ina ghlac aige sleamhnaíonn sé uaidh ag léiriú go bhfuil sé dodhéanta éalú ón staid dhaonna etc.
- Miotas Phroiméitéis — cad is bun le fulaingt an duine? Sa mhiotas féachtar ar fhulaingt an duine mar phionós ó na déithe; Goideann Proiméitéis tine ó na déithe agus tugann sé do dhaoine é; mar phionós tugann an dia Séas fulaingt isteach sa domhan etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**Ceist 2.  Freagair (a) nó (b)**

**A 2 a)**

***Is féidir forbairt na fealsúnachta a rianú siar go dtí an tSean-Ghréig.***

**Mínigh an fáth ar féidir dhá phointe eile ama a lua mar eochairphointí i bhforbairt na smaointeoireachta fealsúnaí. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfaidh freagra den scoth eolas ar fhorbairt na fealsúnachta trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a raibh ról lárnach ag dhá phointe in am (seachas fealsúna na Sean-Ghréige) i bhforbairt smaointeoireachta fealsúnachta e.g.

- Sna meánaoiseanna — chomhcheangail Tomás Acain fealsúnacht Arastatail le nochtadh Críostaí, ag díriú ar an gcaoi ar féidir le creideamh i nDia cuspóir a thabhairt don saol; chinn Arastatal agus Acain araon go ngníomhaíonn gach duine daonna i dtreo críche atá intuigthe go réasúnach etc.
- An Eagnaíocht — Dhírigh René Descartes ar bhunús slán a chruthú don fhealsúnacht trína chruthú go bhféadfadh rudaí a bheith ar eolas go hiomlán cinnte ag intinn an duine trí amhras a úsáid go críochnúil; feictear an mhuinín i gcumhacht an réasúin mar is léir óna phrionsabal 'Déanaim machnamh, mar sin is ann dom' agus féachtar air sin mar insealbhú na nua-aoise etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**A 2 b)**

***I dtraidisiúin reiligiúnacha úsáidtear íomhá de Dhia uaireanta chun tuiscint áirithe ar Dhia a léiriú.***

**Tabhair breac-chuntas ar na smaointe faoi Dhia a léirítear in dhá íomhá thraidisiúnta de Dhia a ndearna tú staidéar orthu. 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth tuiscint ar íomhánna de Dhia trí fhaisnéis chruinn a leagan amach maidir le tuiscint ar Dhia arna shloinneadh in dhá íomhá sheanbhunaithe a bhaineann le mór-reiligiún domhanda a ndearnadh staidéar air i siollabas Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta e.g.

- Dia mar Athair – íomhá an Tiomna Nua de Dhia mar athair comhbhách a chruthaigh agus a chosnaíonn an cine daonna, a chothaíonn agus a thugann maithiúnas don pheaca e.g. an Mac Drabhlásach etc.
- Dia an Cruthaitheoir – sna Scrioptúir Eabhraise e.g. i Leabhar Gheineasas, cuirtear Dia i láthair mar chruthaitheoir síoraí uilechumhachtach na daonnachta agus an domhain etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

## AONAD A DÓ

Ní mór d'iarrthóirí*dhá* cheann ar bith de chodanna:*a), b), c)*a fhreagairt as **ceann** amháin de na trí roinn seo a leanas.

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA**

**Freagair dhá cheann ar bith de na codanna seo a leanas: a), b), c).**

**B a)**

**I scríbhinní beirt acu seo thíos, measúnaigh cé chomh hiontaofa agus atá an fhianaise gur mhair Íosa Nazórach: ● Soiscéalaí – Matha, Marcas, Lúcás, nó Eoin ● Josephus ● Plinias Óg ● Tacatas 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth feasacht ar Íosa mar fhigiúr stairiúil trí fhaisnéis chruinn a leagan amach faoin gcaoi a soláthraíonn dhá fhoinse atá liostaithe sa cheist fianaise iontaofa maidir le gurb ann d'Íosa Nazarat e.g.

- Soiscéalaí – i scríbhinní tá cuntais ó fhinnéithe súl ar shaol, ar bhás agus ar theagasc Íosa; foinsí a mheastar mar fhoinsí iontaofa etc.
- Josephus – staraí Giúdach i Leabhar 18 de 'Na Cianaoiseanna' chuir sé síos ar Íosa mar dhuine críonna agus mar dhéantóir saothair iontacha; a mheastar a bheith iontaofa agus é ag fianú réaltacht stairiúil Íosa etc.
- Plinias Óg – mar Ghobharnóir ar chúige Rómhánach san Áise Bheag, scríobh sé chuig an Impire Tráián ag fiafraí faoi Chríostaithe a bhí ag cruthú trioblóide ina chúige; tugann sé cuntas stairiúil ar Íosa ó fhoinse neamh-chreidimh etc.
- Scríobh Tacatas – ina shaothar deiridh, 'Na hAnnála', faoi Íosa i gcomhthéacs an milleán a chur ar Chríostaithe as an Róimh a dhó in 64 CE; luann sé Íosa mar bhunaitheoir na gCríostaithe; foinse thánaisteach é a chuid scríbhinní ach mar thuairisceoir naimhdeach agus mar neamhchreidmheach tá a chuid focal mar fhianaise ar réaltacht stairiúil Íosa etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**B b)**

**Scrúdaigh an tionchar a bhí ag aiséirí Íosa ar an tuiscint a bhí ag a chéad deisceabail air mar 'An Slánaitheoir' agus ar mheon an mhisin a bhí acu. 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth tuiscint ar thábhacht bhás agus aiséirí Íosa trí fhéachaint go géar ar thionchar aiséirí Íosa ar chiall mhisin na chéad dheisceabal, tuiscint ar Íosa mar fhuascailteoir etc.

- Tháinig tábhacht nua chun cinn le focail agus le gníomhartha Íosa tar éis a aiséirí; thug láithreacht aiséirithe Íosa neart dá dheisceabail dul amach ag scaipeadh an 'Dea-Scéil' ar phobail uile Íosa mar idirghabhálaí idir Dia agus an cine daonna etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**B c)**
**Tabhair breac-chuntas ar phríomhghnéithe an tsaoil laethúil Chríostaí ar leag Naomh Pól béim orthu ina chuid scríbhinní chuig ceann amháin de na chéad phobail Chríostaí seo:**
**● An Choraint ● Filipe ● Teasaloinicé** **40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Taispeánfar i bhfreagra den scoth eolas ar na chéad phobail Chríostaí trí fhaisnéis chruinn a leagan amach faoin gcaoi ar leag Naomh Pól béim ar phríomhthréithe na beatha Críostaí ina scríbhinní chuig ceann de na chéad phobail Chríostaí atá liostaithe sa cheist e.g.

- An Choraint – Meabhraíonn Pól dóibh gur gá gach duine a áireamh agus deighiltí idir daoine saibhre agus daoine bochta sa phobal a sheachaint; an gá a bheith flaithiúil agus bia a roinnt etc.; tábhacht an chreidimh san aiséirí etc.
- Filipe – Thug Pól chun solais, do na Gintlithe (neamh-Ghiúdaigh) nach raibh sé riachtanach cloí le traidisiúin Ghiúdacha chun maireachtáil mar Chríostaí; d'áitigh sé orthu aontú mar bhaill d'Eaglais amháin agus deighilt inmheánach etc. a sheachaint.
- Teasaloinicé – Mheabhraigh Pól do Chríostaithe a d'fhulaing géarleanúint agus bás faoi bhua Íosa ar an mbás agus faoin a theacht sa todhchaí mar Thiarna etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA**
**Freagair dhá cheann ar bith de na codanna seo a leanas: a), b), c).**

**C a)**
**Scrúdaigh bunús agus aidhm na dialóige idirchreidmhí sa lá atá inniu ann idir dhá cheann de na reiligiúin seo: ◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas** **40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*
Taispeánfar i bhfreagra sármhaith léirthuiscint ar thábhacht an idirphlé idirchreidmheach trí bhreathnú go géar ar chúlra agus aidhmeanna an idirphlé idirchreidmhigh idir dhá reiligiún atá liostaithe sa cheist e.g.

- Comhthuiscint a chruthú; meas agus caoinfhulaingt a chothú idir baill reiligiúin éagsúla; oibríonn Comhairle na gCríostaithe agus na nGiúdach i réimsí oideachais, idirphlé agus gníomhaíochta sóisialta mar aithníonn sí an gá atá le baill den dá chreideamh teacht le chéile etc.
- Etc.

Tabhair faoi deara: Ceadaigh tagairt ghinearálta do bhunús agus cuspóir an idirphlé idirchreidimh idir dhá reiligiún atá liostaithe sa cheist.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**C b)**

***Féadann creideamh reiligiúnach daoine a spreagadh ag cora móra ina saol – breith, bás etc.***

**Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir tionchar creidimh reiligiúnaigh a fheiceáil sa tslí ina ndéanann baill de reiligiún amháin as Liosta A agus reiligiún amháin as Liosta B thíos comóradh ar chor mór saoil: Liosta A: ◆ An Chríostaíocht ◆ An Giúdachas**

**Liosta B: ◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth eolas ar phríomhghnéithe reiligiúin mhóra an domhain trí fhaisnéis chruinn a leagan amach faoin gcaoi a gcuirtear creideamh reiligiúnach in iúl ar an mbealach a mharcálann baill de dhá reiligiún lárimeacht lárnach sa saol mar atá liostaithe sa cheist e.g.

LIOSTA A: An Chríostaíocht – Cuireann baisteadh, uisce a dhoirteadh thar chloigeann an linbh an chreidiúint in iúl go nglantar an leanbh ó pheaca; is siombail é coinneal a lasadh ar a saol nua mar Chríostaí etc.

An Giúdachas – Brit Milah, is siombail é an timpeallghearradh den Cúnant le Dia etc.

LIOSTA B: An Búdachas – le searmanas ainmniúcháin, trí chéir leáite a ligean isteach i mbabhla uisce cuirtear in iúl an creideamh go bhfuil an leanbh anois ina bhall den phobal Búdaíoch etc.

An Hiondúchas – le searmanas breithe, is siombail i cantaireacht na fuaime naofa 'ÁÚM' den dóchas go bhfásfaidh an páiste suas chun an fhírinne a insint etc.

An tIoslamachas – le searmanas Aqiqah, léirítear trí Shahada a chogarnaíl isteach i gcluas an linbh an creideamh in Allah etc.

Tabhair faoi deara: Ceadaigh tagairt intuigthe do chreideamh reiligiúnach i ndeasghnáth ina marcáiltear nóiméad tábhachtach sa saol do bhaill de dhá reiligiún mar atá liostaithe sa cheist.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**C c)**

**Cuir i gcomparáid an tslí a ndéantar pobail áitiúla de chreidmhigh a eagrú laistigh de reiligiún amháin as Liosta A agus reiligiún amháin as Liosta B thíos:**

**Liosta A: ◆ An Chríostaíocht ◆ An Giúdachas**

**Liosta B: ◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth eolas ar phríomhghnéithe reiligiúin mhóra an domhain trí chuntas a thabhairt ar chosúlacht agus/nó difríocht sa chaoi a bhfuil an pobal áitiúil struchtúrtha in dhá reiligiún mar atá liostaithe sa cheist e.g.

- Tá an Giúdachas cosúil le hIoslam sa mhéid is go ndíríonn an pobal áitiúil timpeall ar áit adhartha ina mbailíonn baill le haghaidh adhradh comhchoiteann ar lá socraithe agus ina ndéantar ceiliúradh comhchoiteann ar phríomhimeachtaí an tsaoil; e.g. Ioslam agus an

Chríostaíocht — bíonn an pobal áitiúil eagraithe go geografach; e.g. Búdachas agus Giúdachas — gan aon údarás lárnach/comhlacht rialaithe etc.

- Tá an Chríostaíocht difriúil leis an mBúdachas sa mhéid is go bhfuil struchtúr paróiste sna hEaglaisí Críostaí agus tagann creidmhigh le chéile le haghaidh adhradh comhchoiteann seachtainiúil ach sa Búdachas ní bhailíonn an pobal áitiúil le chéile go rialta chun adhradh etc.
- Etc.

Tabhair faoi deara: Ceadaigh freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH**

**Freagair dhá cheann ar bith de na codanna seo a leanas: a), b), c).**

**D a)**

**Úsáid samplaí agus pléigh an ról a d'fhéadfadh 'suáilce' a imirt i bhfás duine i dtreo na haibíochta morálta. 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth tuiscint ar fhás i dtreo aibíochta morálta trí scrúdú a dhéanamh ar dhá shampla nó níos mó den mhéid atá i gceist le fás morálta agus conclúidí beachta a bhaint amach faoin ról is féidir a bheith ag 'suáilce' i bhforbairt aibíochta morálta e.g.

- Is éard atá i gceist le 'suáilce' ná méin shocair a bheith ag duine chun é nó féin a iompar ar bhealach morálta áirithe; d'fhéadfadh claonadh laistigh den duine chun maitheas a dhéanamh, neart an charachtair seasamh lena p(h)rionsabail agus maireachtáil de réir na luachanna atá acu e.g. de suáilce na macántachta d'fhéadfaí duine a threorú chun a bheith fírinneach i gcónaí fiú nuair a d'fhéadfaí deacrachtaí a chothú mar thoradh ar an bhfírinne a insint etc.
- D'fhéadfadh suáilce an mhisnigh treoir a thabhairt do dhuine gníomhú i gcónaí ar bhealach ina bhfuil a fhios aige nó aici a bheith ceart fiú agus é nó í ag tabhairt aghaidh ar fhreasúra etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**D b)**

***Tá gá le cothroime idir cearta an duine agus 'an leas coiteann' i gcinneadh morálta.***

**Pléigh an fhianaise don ráiteas seo agus tagair do shampla as dlí sibhialta na hÉireann ina bhféachtar le cothroime idir cearta an duine agus 'an leas coiteann' a shlánú. 40M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth eolas ar luachanna comhchoiteanna trí scrúdú agus teacht ar chonclúidí beachta faoin gcaoi a ndéanann sampla ó dhlí sibhialta na hÉireann

iarracht cearta an duine a chothromú leis an rud a mheastar is fearr don tsochaí ina hiomláine etc.

- An dlí sibhialta — an dlí atá leagtha síos ag stát maidir le cearta na n-áitritheoirí e.g. luasteorainneacha, teorainneacha ar ól agus tiomáint etc. cearta an duine aonair a chothromú chun carr a thiomáint agus chun carr faoi úinéireacht aige nó aici 'leas coiteann' gach duine a chosaint trí chosc a chur ar thiomáint chontúirteach etc.
- Caithfear dualgas Stáit chun sláinte an náisiúin a chosaint a chothromú le ceart na ndaoine an bealach ina maireann siad a roghnú e.g. srianta Covid 19 ag teorannú an achair is féidir le daoine taisteal; a cheangal ar dhaoine go gcaithfear cumhdaigh aghaidhe etc. saoirse an duine aonair a theorannú chun a chinntiú go gcosnaítear 'leas coiteann' gach duine sa tsochaí etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**D c)**

**Próifíligh conas ar tháinig athrú sa smaointeoireacht ó Ré na hEagnaíochta amach maidir leis an moráltacht a bhaineann le dhá cheann díobh seo:**

**● Pionós an bháis ● Dúshaothrú Leanaí ● Sclábhaíocht ● Cogaíocht 20Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth tuiscint ar mhoráltacht mar fheiniméan daonna trí rianú cruinn a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh an tuiscint ar cheart agus mícheart in dhá cheann de na saincheisteanna atá liostaithe sa cheist ó aimsir na hEagnaíochta. e.g.

- Pionós an Bháis – smaointe faoi fhianaise, modh eolaíoch etc. a úsáid; leis an taighde eolaíochta sóisialta, ina dtaispeántar an chaoi nach mbíonn éifeacht choisctheach ag pionós an bháis i gcónaí, tháinig athrú ar smaointeoireacht daoine agus cuireadh chun cinn na buntáistí is fearr a bhaineann le hathshlánú agus le hathchóiriú etc.
- Fostú Páistí – Mar thoradh ar smaointe na heagnaíochta faoi chearta an duine bhí tuiscint nua ann ar chearta leanaí agus ar chearta oibrithe; cuireadh teorainneacha leis na cineálacha oibre a d'fhéad páistí a dhéanamh; inniu déantar páistí a chosaint faoi chearta na Náisiún Aontaithe maidir le leanbh etc.
- Sclábhaíocht – Mar thoradh ar smaointe faoi chomhionannas tháinig tuiscint nua go gcaithfear saoirse gach duine a urramú; tuigeadh go raibh an sclábhaíocht mícheart go morálta; cosnaítear daoine inniu le Cairt na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine etc.
- Cogadh – Neartaigh smaointe faoi chearta an duine agus an daonlathas prionsabail na teoirice 'Cogadh Cóir' trína gcaithfidh forais an-shonracha a bheith ag baint le cogadh chun go measfaí go bhfuil sé 'Cóir' chuir sé sin béim ar smaointe faoi cé hé/hí an 'rialóir ceart' agus conas an argóint comhréireachta etc. a mheas.

Nóta: Ceadaigh freagraí tuairisciúla.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

## AONAD A TRÍ

Caithfidh iarrthóirí freagra a thabhairt ar chuid *a) nó* ar chuid *b)* ó **cheann** de na ceithre roinn seo a leanas.

**ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE**

**Freagair a) *nó* b).**

**E a)**

**Pléigh an méid a chuir dhá cheann díobh seo a leanas leis an tuiscint ar chúrsaí inscne i sochaí an lae inniu: ● Bitheolaíocht ● Fealsúnacht ● Síceolaíocht ● Socheolaíocht**

**40Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth tuiscint ar inscne sa tsochaí chomhaimseartha trí scrúdú agus teacht ar chonclúidí beachta faoin tionchar a bhíonn ag dhá bhrainse foghlama atá liostaithe sa cheist ar thuiscint na hinscne sa tsochaí inniu e.g.

- Bitheolaíocht — tuigtear go dtagann fir agus mná ar an saol agus inscne ar leith acu bunaithe ar dhifríochtaí fisiciúla atá le feiceáil le linn fhorbairt an fhéatais sa bhroinn sula bhféadfadh aon tionchar suntasach a bheith ag an sóisialú orthu etc.
- Fealsúnacht — déantar machnamh ar cad is brí le bheith i do dhuine daonna; tá fealsúnacht le déanaí tar éis machnamh níos mó a dhéanamh ar ról an chomhionannais sa chaidreamh idir an dá ghnéas; cé go bhfeictear go bhfuil fir agus mná difriúil óna chéile agus go smaoiníonn siad ar bhealaí éagsúla, feictear go bhfuil luach comhionann acu beirt sa tsochaí etc.
- Síceolaíocht — ó thástáil shíceolaíoch aimsíodh ceithre dhifríocht ar a laghad idir an dá ghnéas i.e. ó bhéal; ar bhonn matamaiticiúil; cumais amhairc-spásúla; fóbairt; fuair síceolaithe amach gur mó na héagsúlachtaí laistigh de gach inscne ná na difríochtaí idir na hinscní, rud a thugann chun solais an chaoi a bhfuil cumais bunaithe ar indibhidiúlacht seachas inscne etc.
- Socheolaíocht — múintear léi an chaoi a saolaítear fir agus mná go cothrom agus gur iompar foghlamtha atá san inscne; ó thaighde socheolaíochta fuarthas amach go dtógtar na róil a bhaineann le inscne ar bhonn sóisialta agus nach bhfuil siad dúchasach, seasta nó statach ach ag teacht chun cinn etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

***nó***

**E b)**

**Scrúdaigh conas a bhí tionchar ag smaointe nó ag gníomhartha beirt bhan, óna catagóirí éagsúla luaite thíos, ar an tsochaí le linn a ré:**

**● Bunaitheoirí na nOrd Rialta ● Scríbhneoirí Reiligiúnacha**
**● Leasaitheoirí Sóisialta ● smaointeoirí spioradálta 40Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth eolas ar an méid a chuireann mná le forbairt traidisiún reiligiúnach agus spioradálta trí bhreathnú go géar ar an gcaoi ar chuidigh smaointe nó gníomhartha bheirt bhan, ó chatagóirí éagsúla atá liostaithe sa cheist, le sochaí a linne e.g.

- Ord Rialta — Chuir Nano Nagle, bunaitheoir Ord na Toirbhearta, oideachas ar fáil do bhochtáin a linne; spreag sí daoine eile na linne sin chun oird reiligiúnacha a chur ar bun d'fhonn oideachas a chur ar fáil do na boicht etc.
- Scríbhinní Reiligiúnacha — Chabhraigh scríbhinní Joyce Rupp ar urnaí le muintir a linne agus iad ag iarraidh teacht ar spioradáltacht níos doimhne mar go bhfuil a cuid leabhar saindeartha chun cabhrú le léitheoirí a machnamh a dhéanamh, deasghnátha a dhéanamh agus iad féin a atreorú etc.
- Leasaitheoir Sóisialta — Chaith Dorothy Day a saol tiomanta do na boicht, do dhaoine a bhí faoi chois agus do mhná i ngátar trí thithe a bhunú ina raibh cónaí uirthi i ndlúthpháirtíocht leo; bhunaigh sí an nuachtán 'The Catholic Worker' agus bhí tionchar aici ar ghluaiseacht dhiagacht na saoirse laistigh den Chríostaíocht etc.
- Smaointeoir Spioradálta — Hildegard of Bingen, smaointeoir spioradálta agus scríbhneoir reiligiúnach sna Meánaoiseanna a rinne comhfhreagras le heaspaig, pápaí agus ríthe agus a labhair amach go hoscailte i gcoinne éillithe san Eaglais lena linn etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA**

**Freagair a) *nó* b).**

**H a)**

**Mínigh an méid a chuir dhá fhionnachtain seandálaíochta leis an tuiscint atá ann anois faoin gcaoi ar scríobhadh an Bíobla. 40Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth eolas ar an gcaoi ar scríobhadh an Bíobla trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ar ghlac dhá fhionnachtain sheandálaíochta páirt inár dtuiscint reatha maidir le conas a scríobhadh an Bíobla e.g.

- Chuir fionnachtana ag Cumrán faisnéis ar fáil faoi staid théacsanna ó na Scrioptúir Eabhraise; léiríonn Scrollaí na Mara Mairbhe go bhfuil roinnt Scrioptúr Eabhraise bunaithe ar scéalta ón tríú haois RCR etc.
- Nocht suíomh ársa Úgairít ag Ras-Shamra ar chósta na Siria táibléid atá scríofa in Úgairítis, teanga atá an-ghar don Eabhrais, rud a chuidigh le bearnaí san eolas faoi fhocail agus faoi úsáidí éagsúla sna Scrioptúir Eabhraise etc. a líonadh.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

***nó***

**H b)**

***Tá 'téacs clasaiceach' luaite leis an mBíobla.***

**Pléigh an fhianaise don ráiteas seo, agus tagair samplaí den chaoi a n-aithnítear go mbaineann luach fódach leis an mBíobla i measc an phobail mhóir le himeacht na mblianta. 80M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth tuiscint ar an mBíobla mar théacs clasaiceach trí scrúdú agus teacht ar chonclúidí beachta ar dhá shampla nó níos mó den chaoi ar aithníodh an Bíobla le himeacht ama mar luach seanbhunaithe do lucht féachana leathan e.g.

- Spreag an Bíobla iliomad píosaí ceoil, ealaíne agus litríochta, bhí tionchar aige ar shaol iliomad daoine thar go leor réanna agus is é an leabhar is mó arna chur i gcló agus arna dhíol go stairiúil etc.
- Bhí tionchar as cuimse ag an mBíobla ar go leor cultúir agus sochaithe leis na mílte bliain etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**ROINN I REILIGIÚN: EISPÉIREAS NA hÉIREANN**

**Freagair a) *nó* b).**

**I a)**

**Próifíligh an tslí a bhfuil dhá dheasghnáth Réamh-Chríostaíochta curtha in oiriúint ag traidisiún Críostaí in Éirinn an lae inniu.** **40Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth tuiscint ar an gcaoi ar ionchorpraíodh an teachtaireacht Chríostaí i gcomhthéacs na hÉireann trí rianú cruinn a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh dhá dheasghnáth Réamh-Chríostaí in oiriúint don traidisiún Críostaí in Éirinn inniu e.g.

- Tá Samhain, an fhéile réamh-Chríostaí mar a ndeirtear go raibh na mairbh ag fánaíocht i dtír na mbeo, curtha in oiriúint ag Críostaithe inniu agus traidisiúin na gCaitliceach Rómhánach agus na nAnglacánach araon ag tabhairt onóir do na daoine a fuair bás ar Lá Fhéile na Naomh Uile agus ar Lá Féile na nAnamacha Uile etc.
- Rinneadh Lá Fhéile Bríde ar an 1ú a chur in oiriúint ó fhéile réamh-Chríostaí Imbolc, a léirigh tús an Earraigh agus torthúlacht na talún; Roghnaigh an Chríostaíocht an 1ú lá de mhí Feabhra chun ómós a thabhairt do Naomh Bríd Chill Dara etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

***nó***

**I b)**

**Pléigh tionchar an dí-eaglaiseachais agus an dí-eaglaisithe ar phatrún an chreidimh agus an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn an lae inniu.** **40Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth eolas ar phatrún an chreidimh reiligiúnaigh in Éirinn trí scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag an dí-eaglaiseachas agus ag an dí-eaglaisiú ar chreideamh agus ar chleachtas reiligiúnach in Éirinn inniu e.g.

- Dí-eaglaiseachas – an tuairim nár cheart go mbeadh tionchar ná smacht ag luachanna agus caighdeáin na sochaí ar reiligiún ná ar eaglais; an seasamh gur chóir an domhan agus an saol a thuiscint gan gá le Dia a thoimhdiú etc.
- Tagraíonn dí-eaglaiseachas don laghdú ar chleachtas reiligiúnach agus spéis ghinearálta u reiligiún sa tsochaí mar thoradh ar próisis cosúil le cuíchóiriú, iolrachas agus indibhidiúlacht etc.
- Taispeántar ó na suirbhéanna laghdú ar an bhfreastal ar adhradh comhchoiteann go háirithe i measc daoine óga; tá leibhéal an chreidimh reiligiúnaigh in Éirinn an-ard de réir phobalbhreith Eorabharaiméadar 2010, agus an creideamh i nDia fós i measc na gceann is airde san Eoraip ag 90% etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

**ROINN J REILIGIÚN AGUS EOLAÍOCHT**

**Freagair a) *nó* b).**

**J a)**

**Tabhair breac-chuntas ar conas a bhí impleachtaí ag dhá cheann de thuairimí Descartes don ghaol idir reiligiún agus eolaíocht. 40Mx2**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth eolas ar an ngaol idir eolaíocht agus diagacht trí fhaisnéis chruinn a leagan amach faoin gcaoi a ndeachaigh dhá cheann de smaointe Descartes i bhfeidhm ar an ngaol idir reiligiún agus eolaíocht e.g.

- Mar thoradh ar an smaoineamh 'Déachas Cairtéiseach' de chuid Descartes go raibh an intinn agus an corp ar leithligh agus gurbh í an chúis dhaonna an bealach chun teacht ar an bhfírinnel, d'eascair an tuairim uaidh sin nach raibh smaointe faoi Dhia tábhachtach ar domhan a thuilleadh; bhí roinnt ceannairí reiligiúnacha criticiúil faoin eolaíocht, agus iad á fheiceáil mar ní a bhíí gan Dia go hiomlán agus díreiligiúnach; rinne roinnt eolaithe neamhaird ar reiligiún amhail nach bhfuil aon fhiúntas ag baint leis mar dhisciplín acadúil etc.
- Mar gheall ar smaoineamh Descartes gurbh é an sceipteachas an t-aon bhealach le bheith cinnte faoi rud ar bith ba chúid le daoine bheith in amhras faoi gach rud; Chuir Descartes tús le 'Ré an Réasúin' arb é is saintréithe ann féinchreideamh go bhféadfaí, le cumhacht na hintinne amháin, rúin an domhain a dhíghlasáil; cuireadh brú ar an gcaidreamh idir eolaíocht agus reiligiún nuair a d'fhéach daoine ar an eolaíocht ina n-aonar d'fhonn rúndiamhair an tsaoil etc. a réiteach.
- Etc.

Tabhair faoi deara: Ceadaigh tagairt intuigthe don ghaol idir reiligiún agus eolaíocht.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé san áit a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

***nó***

**J b)**

**Scrúdaigh na cosúlachtaí agus difríochtaí sa chaoi a dtugann an reiligiún agus an eolaíocht faoi cheann amháin de na díospóireachtaí seo a leanas:**

- **An Díospóireacht faoi Bhunús na Cruinne**
- **An Díospóireacht faoin nGéineolaíocht**

**80M**

*Critéir Mharcála agus pointí tagartha*

Taispeánfar i bhfreagra den scoth tuiscint ar léargas na heolaíochta agus an reiligiúin i ndíospóireachtaí reatha trí bhreathnú go géar ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí sa chur chuige a ghlacann reiligiún agus eolaíocht maidir le ceann de na díospóireachtaí atá liostaithe sa cheist e.g.

- An Díospóireacht faoin mBunús – bíonn diagachtóirí agus eolaithe araon arna dtiomáint leis an ngá chun tuiscint a fháil ar cé muid féin; tugann léargas ó reiligiúin aghaidh ar ábhair imní faoin bhfáth go bhfuil an chruinne ann; áit na ndaoine laistigh den chruthaíocht e.g. cruthaíochtachas; éiceolaíocht Teillard de Chardin etc.; tugann léargas na heolaíochta aghaidh ar ábhair imní faoi conas a tháinig ann don chruinne agus cad a tharlódh don chruinne sa todhchaí e.g. Ollphléasc etc.
- An Díospóireacht Géineolaíochta – tugann fíricí i léargas na heolaíochta faoi chéimeanna suthacha i bhforbairt an fhéatais; bíonn imní ar lucht eolaíochta agus reiligiún araon faoi eitic mhíochaine; ardaíonn dul chun cinn san eolaíocht le déanaí ceisteanna faoi mhaoirseacht dhaonna an chruthaithe, e.g. beatha a cruthaíodh go saorga, clónáil, beatha ghéinmhodhnaithe etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÁRMHAITH** | ● fianaise shubstaintiúil ar MC<br>● baint iomlán agus shoiléir | ● gan aon mhór-earráidí() fíorasacha<br>● úsáid shármhaith as scil(eanna) | 17 - 20 | 34 - 40 | 68 - 80 |
| **GO HAN-MHAITH** | ● fianaise an-mhaith ar MC<br>● baint shoiléir | ● fíorbheagán fianaise ar mhór-earráid(í) fíorasacha.<br>● úsáid an-mhaith as scil(eanna) | 14 - 16 | 28 - 33 | 56 - 67 |
| **GO MAITH** | ● fianaise mhaith ar MC<br>● baint ghinearálta | ● beag fianaise ar mhór-earráid(í) fíorasacha<br>● úsáid mhaith as scil(eanna) | 11 - 13 | 22 - 27 | 44 - 55 |
| **RÉASÚNTA** | ● fianaise imleor ar MC<br>● baint theoranta | ● roinnt mór-earráid(í) fíorasacha<br>● roinnt úsáide as scil(eanna) | 8 - 10 | 16 - 21 | 32 - 43 |
| **LAG** | ● fianaise neamhleor ar MC<br>● baint bheag | ● go leor mór-earráid(í) fíorasacha<br>● beagán úsáide as scil(eanna) | 5 - 7 | 10 - 15 | 20 - 31 |
| **AN-LAG** | ● beagán fianaise ar MC<br>● baint fhíorbheag | ● an-chuid mór-earráid(í) fíorasacha<br>● fíorbheagán úsáide as scil(eanna) | 2 - 4 | 4 - 9 | 8 - 19 |
| **GAN AON GHRÁD** | ● fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise ar MC<br>● gan aon bhaint | ● earráid(í) fíorasacha suntasacha<br>● gan aon úsáid as scil(eanna) | 0 - 1 | 0 - 3 | 0 - 7 |

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

*Tábla 240 @ 10%*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 240 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 180 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 181 - 183 | 17 |
| 184 - 186 | 16 |
| 187 - 190 | 15 |
| 191 - 193 | 14 |
| 194 - 196 | 13 |
| 197 - 200 | 12 |
| 201 - 203 | 11 |
| 204 - 206 | 10 |
| 207 - 210 | 9 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 8 |
| 214 - 216 | 7 |
| 217 - 220 | 6 |
| 221 - 223 | 5 |
| 224 - 226 | 4 |
| 227 - 230 | 3 |
| 231 - 233 | 2 |
| 234 - 236 | 1 |
| 237 - 240 | 0 |

### *Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021 — S99/19*

Tugtar rogha de **dhá** theideal i Roinn F agus i Roinn G thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar **aon** teideal amháin, glactha ó Roinn F *nó* ó Roinn G.

### *ROINN F: CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA*

**F. 1 Anailís a dhéanamh ar na cúiseanna agus ar na héifeachtaí a bhaineann le foiréigean struchtúrtha i gcúinse áirithe, agus ar an gcur chuige a ghlactar i leith an chineáil sin foiréigin i dteagasc ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas: ◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas**

Taispeánfaidh obair chúrsa den scoth eolas ar reiligiún peirspictíocht ar fhoréigean fríd mhiondealú cruinn a dhéanamh ar an cúiseanna agus éifeachtaí atá éagórach go polaitiúil, dlíthiúil nó sóisialta tá nósanna imeachta/córais i staid agus mar sin breathnaítear ar nósanna imeachta i dteagasc duine den domhan reiligiúin liostaithe sa teideal.

**F. 2 Cás-staidéar a dhéanamh ar conas a caitheadh solas ar cheist timpeallachta mar gheall ar shaol agus saothar tráchtaire reiligiúin agus timpeallachta amháin.**

Taispeánfaidh obair chúrsa den scoth tuiscint ar reiligiún agus an timpeallacht fríd scrúdú agus líníocht conclúidí cruinne faoin dóigh a ndéanann tráchtaire áirithe ar reiligiún agus chuir an timpeallacht cúram chun cinn fá choinne an timpeallacht trína saol agus a gcuid oibre.

### *ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTH*

**G. 1 ● Díthreabhacht ● Oilithreacht**
**● Poustinia ● Cúrsa Spioradálta**

**Fiosrúchán a dhéanamh ar conas a chuirtear an traidisiún rinnfheithimh in iúl in dhá cheann de na cleachtais thuas agus ar na cúiseanna a bhfuil tóir ar an dá chleachtas sin ag baill de mhór-reiligiún domhanda sa lá atá ann inniu.**

Taispeánfaidh obair chúrsa den scoth tuiscint ar traidisiún machnamhach fríd breathnú go mion ar a bhfuil bainteach le dhá cheann de na cleachtais mhachnaimh atá liostaithe i an teideal agus conclúidí cruinn a tharraingt ar cén fáth a bhfuil cleachtaidh áirithe coitianta i measc baill reiligiún domhanda suntasach inniu. Tabhair faoi deara: Ceadaigh tagairt intuigthe do dhá chleachtas machnaimh.

**G. 2 Taighde a dhéanamh ar an ról a imríonn an machnamh sa chaoi ina ndéanann creidmhigh adhradh in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas: ◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas**

Taispeánfaidh obair chúrsa den scoth eolas ar an nádúr na taithí reiligiúnaí fríd breathnú go mion ar an thig le bheith ag smaoineamh go mion ról a imirtar an dóigh a ndéanann deisceabail adhradhlaistigh do dhá reiligiún atá liostaithe sa teideal.

### Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach - Ardleibhéal

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní.
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa.
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe.
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt.

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe. (Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí – CNCM leathanach 142)

Ní mór do na hiarrthóirí obair chúrsa a chur isteach ar aon teideal amháin. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

*Maidir lena bhfuil á mheas in Obair Chúrsa* ***Ardleibhéil****:*

***Cuid A – Achoimre ar an Imscrúdú ar Theideal Fhorordaithe 2021***

| ***Tuairiscín Chuid A:*** | **SÁRMHAITH** | **GO HAN-MHAITH** | **GO MAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** |
|---|---|---|---|---|---|
| Fianaise ar chritéir mharcála do theideal 2021 (*eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas*) **Cód MC** | **FIANAISE CHRUINN, SHUBSTAINTIÚIL, IOMLÁN** | **FAISNÉIS CRUINN THACAÍOCHTA** | **CRUINN THACAÍOCHTA** | **FAISNÉIS THEORANTA THACAÍOCHTA** | **ACHOIMRE LAG/GAN SON THACAÍOCHTA** |
| | **40 > 34** | **33 > 28** | **27 > 22** | **21 > 16** | **15 > 0** |
| ***Pointí a Thugtar Cuid A*** | | | | | |
| **Foinsí eolais ar theideal 2021.** 2ú foinse **Cód SI** | FAISNÉIS SHUBSTAINTIÚIL | GO MAITH FAISNÉIS MHAITH ANN | ROINNT FAISNÉISE FAISNÉIS MHAITH ANN | FAISNÉIS THEORANTA FAISNÉIS MHAITH ANN | GAN AON FHAISNÉIS/BEAGÁN FAISNÉIS MHAITH |
| **Eolas ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh ar Theideal 2021** (*Taighde; anailís; measúnú smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh)* 2ú céim (scil) **Cód SS** | FAISNÉIS MHIONSONRAITHE SHUBSTAINTIÚIL | FAISNÉIS GHINEARÁLTA SHOILÉIR | ROINNT FAISNÉISE GINEARÁLTA SOILÉIR | FAISNÉIS THEORANTA LEORDHÓTHANACH | GAN AON/BEAGÁN FAISNÉIS MHAITH ANN |
| **ACHOIMRE AR THORTHAÍ AR THEIDEAL 2021***(An cumas chun – eolas a roghnú, agus anailís agus measúnú a dhéanamh air nó chun eolas a shórtáil agus eagar a chur air nó chun tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach)* **Cód SF** | AN-FHIÚNTACH MAR PHÍOSA OIBRE. | PÍOSA FIÚNTACH OIBRE | PÍOSA BREÁ OIBRE | PÍOSA LEORDHÓTHANACH OIBRE | PÍOSA OIBRE NEAMHÁBHARTHA |
| | ACHOIMRE IOMLÁN AGUS ÁBHARTHA | FAISNÉIS ACHOIMRE | ACHOIMRE GHINEARÁLTA | ACHOIMRE THEORANTA LEORDHÓTHANACH | ACHOIMRE LAG/GAN AON ACHOIMRE |
| Fianaise tacaíochta do na tuairimí a dtagtar orthu | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL THACAÍOCHTA LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ | GO HAN-MHAITH FIANAISE AN-MHAITH MHIONSONRAITHE | ROINNT FIANAISE GHINEARÁLTA CHUN THACAÍOCHTA LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ | FIANAISE TACAÍOCHTA THEORANTA LEORDHÓTHANACH LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ | GAN AON/BEAGÁN FIANAISE THACAÍOCHTA LE HAGHAIDH CONCLÚIDÍ |
| Gabháil phearsanta le Teideal 2021 | RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | SOILÉIR RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA | ROINNT RANNPHÁIRTÍOCHTA PEARSANTA | RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA THEORANTA SHUBSTAINTIÚIL | RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA NEAMHLEOR/GAN AON |

***Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar na heispéiris a baineadh amach trí obair chúrsa a dhéanamh ar Theideal Roghnaithe 2021***

***Ceisteanna socraithe i gCuid B.***

| *Tuairiscín Chuid B:* | SÁRMHAITH | GO HAN-MHAITH | GO MAITH | RÉASÚNTA | LAG |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fianaise ar chritéir mharcála do theideal 2021** *(eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas)* **Cód MC** | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL IOMLÁN | ÚSÁID SHUBSTAINIÚIL BAINTE AS CRUINN THACAÍOCHTA | CRUINN THACAÍOCHTA | FAISNÉIS THEORANTA THACAÍOCHTA | ACHOIMRE LAG/GAN SON THACAÍOCHTA |
| | 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 0 |
| **Úsáid scileanna** ar Theideal 2021 *(Taighde; anailís; meastóireacht, smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; breithiúnas machnaimh, meastóireacht)* 2ú scil **Cód S** | ÚSÁID SHUBSTAINIÚIL BAINTE AS SCILEANNA | ÚSÁID AN-SOILÉIR AS SCILEANNA | ÚSÁID SHOILÉIR SCILEANNA | GAN AON ÚSÁID AS SCILEANNA/BEAGÁN ÚSÁID AS SCILEANNA | RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA NEAMHLEOR/GAN AON SCILEANNA |
| Cén fáth a raibh teideal 2021 ina **ábhar spéise**?*(díograis/imní)* **Cód I** | PÍOSA OIBRE AN-FHIÚNTACH INA BHFUIL MÍNIÚCHÁN SUBSTAINTIÚIL AGUS SPÉIS PHEARSANTA AN-SOILÉIR | PÍOSA FIÚNTACH OIBRE CUR SÍOS MIONSONRAITHE ANN SPÉIS PHEARSANTA LÉIRITHE | PÍOSA BREÁ OIBRE, MÍNIÚ GINEARÁLTA AGUS ROINNT SPÉIS PHEARSANTA LÉIRITHE | PÍOSA LEORDHÓTHANACH OIBRE, MÍNIÚ LEORDHÓTHANACH, SPÉIS PHEARSANTA LEORDHÓTHANACH LÉIRITHE | PÍOSA OIBRE NEAMHÁBHARTHA/ GAN AON SPÉIS PHEARSANTA/ BEAGÁN SPÉIS PHEARSANTA LÉIRITHE ANN |
| Cé na **peirspictíochtaí difriúla** ar tháinig tú trasna orthu le linn duit an obair chúrsa a dhéanamh ar do theideal roghnaithe do 2021? *(An cumas tuairimí/cuir chuige dhifriúla i leith topaice a léirmhíniú, a chur i gcomparáid agus a mheas; an cumas frith-argóintí a fhorbairt)* 2ú peirspictíocht **Cód P** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL ANN AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT SHOILÉIR AGUS COTHROMÚ DÉANTA AR PHEIRSPICTÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA | SAINAITHINT GHINEARÁLTA ÉIGIN AGUS COTHROMÚ AR PHEIRSPICTÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA | SAINAITHINT LEORDHÓTHANACH AGUS COTHROMÚ AR PHEIRSPICTÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA | SAINAITHEANTA AGUS COTHROMÚ DÉANTA AR PHEIRSPICTÍOCHTAÍ ÉAGSÚLA |
| Cé na **ceisteanna** a tháinig chun cinn trí obair chúrsa a dhéanamh ar theideal 2021? *(An cumas údarás foinsí difriúla eolais a cheistiú agus an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim)* 2ú ceist **Cód Q** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL AR NA CEISTEANNA | SAINAITHINT SHOILÉIR AR NA CEISTEANNA | SAINAITHINT GHINEARÁLTA ÉIGIN AR NA CEISTEANNA | SAINAITHINT LEORDHÓTHANACH AR NA CEISTEANNA | GAN AON SAINAITHINT ANN/BEAGÁN SAINAITHEANTA AR NA CEISTEANNA GAN AON/BEAGÁN |
| Cé na **léargais phearsanta** a fuair tú tríd obair chúrsa a dhéanamh ar theideal 2021? *(an cumas athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim sin ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar eispéireas)* 2ú léargas pearsanta **Cód PI** | CUR SÍOS MIONSONRAITHE MAR AON LE RANNPHÁIRTÍOCHT SHUBSTAINTIÚIL PHEARSANTA | CUR SÍOS GINEARÁLTA INA LÉIRÍTEAR RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA SHOILÉIR | CUR SÍOS GINEARÁLTA AGUS ROINNT RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA ANN | CUR SÍOS GINEARÁLTA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA LEORDHÓTHANACH ANN | BEAGÁN CUR SÍOS ANN/GAN AON CUR SÍOS ANN AGUS GAN RANNPHÁIRTÍOCHT PHEARSANTA LEORDHÓTHANACH ANN |
| Cad é a chuid **ba luachmhaire** den obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal? **Cód V** | MEASÚNACHT INA BHFUIL LUACH SUBSTAINTIÚIL | GO HAN-MHAITH MEASÚNACHT AN-MHALITH LUACHMHAR ANN | ROINNT MEASÚNÚ GINEARÁLTA LUACHMHAR ANN | MEASÚNACHT LEORDHÓTHANACH LUACHMHAR ANN | GAN AON MHEASÚNÚ ANN A BHFUIL LUACH LEIS/ BEAGÁN MEASÚNAITHE ANN LUACHMHAR ANN |